# Dara Scéim Teanga ITBÁC,
# 2018-2021
# Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

# DIT's Second Language Scheme,
# 2018-2021
# Official Languages Act 2003

| Caibidil | | Chapter | | Leathanach /Page |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **Scéim a Ullmhú agus Forléargas ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC)** | **1** | **Preparation of Scheme & Overview of Dublin Institute of Technology (DIT)** | 1 |
| 1.1 | Réamhrá | 1.1 | Introduction | 1 |
| 1.2 | Treoirlínte maidir le Scéim a Ullmhú | 1.2 | Guidelines for the Preparation of a Scheme | 1 |
| 1.3 | Próiseas Comhairliúcháin | 1.3 | Consultative Process | 1 |
| 1.4 | Tosaíochtaí do Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC | 1.4 | Priorities for DIT's Official Languages Act Scheme | 2 |
| 1.5 | Dáta Tosaigh na Scéime | 1.5 | Scheme Commencement Date | 3 |
| 1.6 | Forléargas ar ITBÁC | 1.6 | Overview of DIT | 3 |
| 1.7 | Rialachas ar ITBÁC | 1.7 | Governance of DIT | 7 |
| **2** | **Seirbhísí Reatha Gaeilge in ITBÁC** | **2** | **Current Irish Language Services in DIT** | 8 |
| 2.1 | Cúlra Reachtúil na Gaeilge in ITBÁC | 2.1 | Legislative Background to Irish Language in DIT | 8 |
| 2.2 | Seirbhísí Reatha Gaeilge in ITBÁC | 2.2 | Current Irish Language Services in DIT | 8 |
| **3** | **Gealltanais i dtreo Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fheabhsú faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC** | **3** | **Commitments towards Enhancement of Irish Language Service Provision under DIT's Official Languages Act Scheme** | 9 |
| 3.1 | Soláthar Cláir Acadúla Ghaeilge | 3.1 | Provision of Irish Language Academic Programmes | 9 |
| 3.2 | Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fhorbairt in 3 Phríomhroinn Seirbhíse Poiblí | 3.2 | Developing Irish Language Service Provision in 3 Key Public Service Departments | 9 |
| 3.3 | Oiliúint Ghaeilge agus Acht na dTeangacha Oifigiúla d'Fhoireann ITBÁC | 3.3 | Irish Language & Official Languages Act Training for DIT Staff | 12 |
| 3.4 | Foilseacháin, Ábhar Bolscaireachta agus Meáin ITBÁC | 3.4 | DIT Publications, Promotional Material & Media | 12 |
| 3.5 | Foirmeacha Iarratais, Bileoga Eolais agus Eolas Ginearálta ITBÁC | 3.5 | DIT Application Forms, Information Leaflets & General information | 14 |
| 3.6 | Teicneolaíocht Faisnéise, Láithreán Gréasáin ITBÁC, Córais Ar Líne agus na Meáin Shóisialta | 3.6 | Information Technology, DIT Website, On-line Systems & Social Media | 17 |
| 3.7 | An Ghaeilge agus Saol na Mac Léinn | 3.7 | Irish Language and Student Life | 20 |
| 3.8 | Lasc-chlár ITBÁC | 3.8 | DIT Switchboard | 20 |
| 3.9 | Fáiltithe ITBÁC | 3.9 | DIT Receptions | 21 |
| 3.10 | Campas Ghráinseach Ghormáin | 3.10 | Grangegorman Campus | 21 |
| **4** | **Monatóireacht, Measúnú agus Poiblíocht ar Dhara Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC** | **4** | **Monitoring, Evaluation and Publicising of DIT's Second Official Languages Act Scheme** | 22 |
| 4.1 | Monatóireacht agus Measúnú ar Dhara Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC | 4.1 | Monitoring and Evaluation of DIT's Second Official Languages Act Scheme | 22 |
| 4.2 | Dara Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC a Phoibliú | 4.2 | Publicising of DIT's Second Official Languages Act Scheme | 22 |

## **CAIBIDIL 1:** SCÉIM A ULLMHÚ AGUS FORLÉARGAS AR INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH (ITBÁC):

### 1.1 RÉAMHRÁ:

Dréachtaíodh Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus sa Dara Scéim Teanga sonraítear na gealltanais reachtúla maidir leis na seirbhísí a chuirfidh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) ar fáil:

- as Gaeilge amháin
- go dátheangach

sna 3 bliana atá amach romhainn. Is é cuspóir na scéime seo ná cur leis na nithe a gealladh roimhe seo i gCéad Scéim Teanga ITBÁC 2012-2015 agus le méadú agus normalú a dhéanamh ar réimse agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil as Gaeilge in ITBÁC. Leanfaimid leis an gcur chuige a glacadh go dtí seo, sé sin, glacadh le spiorad an Achta, cur leis an dea-thoil atá ann i leith na Gaeilge in ITBÁC agus an Ghaeilge a bheith in úsáid níos minice agus í a bheith níos feiceálaí ar fud réimsí éagsúla na hInstitiúide.

### 1.2 TREOIRLÍNTE MAIDIR LE SCÉIM A ULLMHÚ:

Forálann Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, go n-ullmhódh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta treoirlínte agus go n-eiseofaí iad ar chomhlachtaí poiblí chun cuidiú leo dréacht-scéimeanna a ullmhú. Dréachtaíodh an scéim seo de réir na dtreoirlínte sin.

### 1.3 PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN:

Cuireadh Dara Scéim Teanga ITBÁC le chéile tar éis próiseas comhairliúcháin le baill foirne agus mic léinn ITBÁC agus leis an bpobal i gcoitinne.

Cuireadh fógra poiblí faoi Alt 13 den Acht ar an láithreán gréasáin nuachta www.tuairisc.ie i mí na Samhna agus mí na Nollag 2016 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus cuireadh fógra poiblí ar leathanach baile láithreáin gréasáin agus ar mheáin shóisialta ITBÁC agus ar láithreán gréasáin agus meáin shóisialta Oifig na Gaeilge ITBÁC.

Bhí gach moladh agus tuairim a bailíodh i rith an phróisis chomhchomhairliúcháin seo mar eolas do Dhara Scéim Teanga ITBÁC. Ba mhaith le ITBÁC buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad, leis na mic léinn agus leis an bpobal a chuidigh linn ár nDara Scéim Teanga a dhréachtú.

## **CHAPTER 1:** PREPARATION OF SCHEME AND OVERVIEW OF DUBLIN INSTITUTE OF TECHNOLOGY (DIT):

### 1.1 INTRODUCTION:

DIT's Official Languages Act Scheme has been drafted in accordance with Section 15 of the Official Languages Act 2003 and the Second Language Scheme details statutory commitments regarding the services that the Dublin Institute of Technology (DIT) will continue to provide:

- in Irish only
- bilingually

over the next 3 years. The purpose of this scheme is to build on previous commitments that were agreed to in DIT's First Language Scheme 2012-2015 and to increase and to normalise the range and standard of services available in Irish from DIT. The approach that we will continue to adopt is to engage with the spirit of the Act, to build on the good will that exists towards the Irish language in DIT and to see its use and visibility develop further across many spheres throughout the Institute.

### 1.2 GUIDELINES FOR THE PREPARATION OF A SCHEME:

Section 15 of the Official Languages Act 2003 provides for the preparation of Guidelines by the Minister for Culture, Heritage, and the Gaeltacht and their issue to public bodies to assist in the preparation of draft schemes. This scheme has been drawn-up conforming with those guidelines.

### 1.3 CONSULTATIVE PROCESS:

DIT's Second Language Scheme was compiled following a process of consultation with DIT staff and students and with the general public.

A public notice under Section 13 of the Act was placed on the news website www.tuairisc.ie in November and December 2016 seeking submissions from interested parties and a public notice was also placed on DIT's website homepage and social media and Oifig na Gaeilge DIT's website and social media.

All recommendations and suggestions gathered during this consultation process informed DIT's Second Language Scheme. DIT would like to sincerely thank all staff, students and members of the public who have helped in the drafting of our Second Language Scheme.

## 1.4: TOSAÍOCHTAÍ DARA SCÉIM TEANGA ITBÁC FAOI RÉIR ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA:

Cuirfidh an scéim le gealltanais shuntasacha agus chuimsitheacha na Chéad Scéime Teanga. Leanfar ag díriú ar na gealltanais a rinneadh sa Chéad Scéim Teanga chomh maith le díriú freisin ar spriocanna nua atá ITBÁC á leagan amach dó féin lena n-áireofar:

1. Tús áite a thabhairt d'fhorbairt soláthair seirbhísí Gaeilge i 3 phríomhroinn seirbhíse poiblí, siad sin, Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC, Seirbhísí na Mac Léinn ITBÁC agus Oifig na nEastát ITBÁC, ar a mbeidh freagracht maidir le fáiltiú in ITBÁC, sna 3 bliana atá le teacht.
2. A chinntiú go bhfuil 'Inniúlacht sa Ghaeilge' mar 'Chritéar Inmhianaithe' maidir le folúntais i Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC, Seirbhísí na Mac Léinn ITBÁC agus Oifig na nEastát ITBÁC.
3. Feabhas a chur ar leibhéil inniúlachta Gaeilge na foirne trí dheiseanna a chur ar fáil chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid trí oiliúint, ranganna agus gníomhaíochtaí atá spriocdhírithe le linn uaireanta oibre agus lasmuigh díobh d'fhonn seirbhís dhátheangach a fhorbairt in imeacht ama in ITBÁC.
4. An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí in ITBÁC trí níos mó ábhar Gaeilge a bheith i bhfoilseacháin, ábhar bolscaireachta, foirmeacha iarratais, bileoga eolais, meáin chumarsáide, láithreán gréasáin, IT agus ardáin meán sóisialta ITBÁC chomh maith le i mbrandáil ar fud ITBÁC.
5. Ag cur le agus ag tacú le húsáid agus le foghlaim na Gaeilge i measc phobal mhic léinn ITBÁCagus sin a chur chun cinn trí ranganna, scéimeanna éagsúla scoláireachta, gníomhaíochtaí, imeachtaí agus breis gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta a chur ar fáil.
6. Cinntiú go ndéantar an Ghaeilge a fhorbairt sna seirbhísí agus gníomhaíochtaí ar champas nua ITBÁC Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7, an áit a mbeidh campais uile ITBÁC ar fud na cathrach lonnaithe níos faide anonn.

## 1.5: DÁTA TOSAIGH NA SCÉIME:

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosóidh an scéim le héifeacht ón 15 Eanáir 2018, agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## 1.4: PRIORITIES FOR DIT'S SECOND LANGUAGE SCHEME IN ACCORDANCE WITH THE OFFICIAL LANGUAGES ACT:

This scheme will build on significant and extensive commitments made in our First Language Scheme. The continuation of the commitments made in our First Language Scheme will remain a focus going forward, in conjunction with new targets DIT sets out for itself which will include:

1. Prioritizing the development of Irish language service provision in 3 key public service departments, namely, DIT Library Services, DIT Student Services and DIT Estates Office, with responsibility for DIT receptions, over the next 3 years.
2. Ensuring 'Competency in the Irish language' as a 'Desirable Criteria' for vacancies occurring in DIT Library Services, DIT Student Services and DIT Estates Office.
3. Improving the Irish language competency levels of staff through the provision of opportunities to learn and use Irish through targeted training, classes and activities during and out of work hours in order to develop bilingual service provision over time in DIT.
4. Increasing the visibility of the Irish language in DIT by increasing Irish language content in DIT publications, promotional material, application forms, information leaflets, media, website, IT and social media platforms as well as in branding across DIT.
5. Promoting and supporting the use and learning of Irish amongst DIT's student community through the provision of classes, various scholarship schemes, activities, events and increased Irish language social media activity.
6. Ensuring the development of the Irish language in the services and activities on DIT's new campus in Grangegorman, Dublin 7, which will eventually house all of DIT's campuses which are currently located across the city.

## 1.5: COMMENCEMENT DATE OF THE SCHEME:

This scheme has been confirmed by the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht. The scheme will commence with effect from the 15th January 2018 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is the later.

## 1.6: FORLÉARGAS AR INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH (ITBÁC):

Is ceannródaí í Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) i dtaobh an oideachais ardteicneolaíochta in Éirinn. Téann stair ITBÁC siar go dtí 1887 agus tá sí anois ar cheann de na soláthróirí oideachais in mó in Éirinn le 9% de líon iomlán na mac léinn ardoideachais sa tír ag freastal uirthi. Tá na cláir a chuirtear ar fáil in ITBÁC, ó chláir phrintíseachta go PhD, bunaithe ar chleachtadh agus ar eolas. Ag freagairt d'athruithe oideachais, cultúir agus eacnamaíochta sa tsochaí, bíonn ITBÁC rannpháirteach le páirtnéirí pobail áitiúil; oibríonn ITBÁC go dlúth le lucht tionscail; agus comhoibríonn ITBÁC le hinstitiúidí acadúla anseo in Éirinn agus thar lear.

Tá an fhorbairt atá ar bun faoi láthair ar champas nua ITBÁC i nGráinseach Ghormáin ar an bhforbairt is mó dá chineál ar fud na hEorpa agus beidh breis is 50% de ghníomhaíochtaí ar fad ITBÁC lonnaithe ar aon champas amháin faoin mbliain 2020.

Idir an dá linn, i gcomhar le hinstitiúidí páirtnéireachta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITB) agus Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta (ITT), tá súil ag ITBÁC an chéad Ollscoil Teicneolaíochta in Éirinn a fhorbairt a chuirfidh go mór le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta réigiún Bhaile Átha Cliath.

## 1.6: OVERVIEW OF THE DUBLIN INSTITUTE OF TECHNOLOGY (DIT):

Dublin Institute of Technology (DIT) is a leader in higher technological education in Ireland. With a history dating back to 1887, DIT is one of the largest education providers in Ireland currently accounting for 9% of all higher education students. Programmes offered in DIT, from apprenticeship to PhD, are distinctively practice-based and research-informed. Responding to education, cultural and economic changes in our society, DIT engages with local community partners; works closely with industry; and collaborates with academic institutions nationally and internationally.

The current development of the new DIT campus at Grangegorman in Dublin's inner city is the biggest project of its kind in Europe and will see more than 50% of all current DIT activities located on one campus by 2020.

Meanwhile, working with partner institutions in IT Blanchardstown (ITB) and IT Tallaght (ITT), DIT aims to develop Ireland's first Technological University which will make a significant contribution to the social and economic development of the Dublin region.

EOLAS AR ITBÁC:

1.6.1: Mic léinn agus Baill Foirne:

Tá 14,407 mac léinn tríú leibhéal lánaimseartha cláraithe in ITBÁC, ag tabhairt faoi 100 clár éagsúla chomh maith le 5,736 mac léinn páirtaimseartha agus 164 mac léinn ag tabhairt faoin gCianfhoghlaim. Sin 20,307 mac léinn a bhí cláraithe don bhliain acadúil 2016/17.

Tá 1,534 ball foirne lánaimseartha, 272 ball foirne páirtaimseartha coibhéiseacha chomh maith le 935 ball ócáideach a íoctar in aghaidh na huaire fostaithe ag ITBÁC. Tá foireann acadúil, riaracháin, teicniúil, leabharlainne agus tacaíochta san áireamh anseo.

1.6.2: Suíomhanna:


Tá gach ionad de chuid ITBÁC suite in aice le lár na cathrach, ar an dá thaobh den Life. Is iad príomhshuíomhanna na 4 Choláiste ná:

- ITBÁC Shráid Aungier (Coláiste an Ghnó, Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)
- ITBÁC Shráid Bolton (Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha)
- ITBÁC Shráid Chathail Brugha (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta, Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte)
- ITBÁC Ghráinseach Ghormáin (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)
- ITBÁC Shráid Chaoimhín (Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte, Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha)
- ITBÁC Ráth Maonais (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)
- ITBÁC Rae Chatham (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)

1.6.3: Fís, Misean agus Luachanna ITBÁC:

Fís:

Agus í aitheanta go hidirnáisiúnta, beidh ITBÁC mar an chéad rogha in Éirinn do dhaoine a bheidh ag lorg teagaisc ghairmiúil agus fionnachtana gairmiúla atá dírithe ar an ngairm bheatha i dtimpeallacht bhríomhar a bhfuil sár-chlú uirthi maidir le feidhmiú nuála, cruthaitheachta agus taighde agus rannphairtíocht leis an bpobal.



DIT AT A GLANCE:

## 1.6.1: Students & Staff:

DIT has an enrolment of 14,407 fulltime third-level students, pursuing over 100 different programmes in addition to 5,736 part-time students and 164 students receiving Distance Education giving a grand total of 20,307 students for the 2016/17 academic year.

DIT currently employs 1,534 whole-time staff members, 272 part-time equivalent staff members and 935 casual hourly paid part time staff including academic, administrative, technical, library and support staff.

## 1.6.2: Locations:


All of the DIT centres are located near the city centre, on both sides of the River Liffey. The main locations of its 4 Colleges are:

- DIT Aungier Street (College of Business, College of Arts & Tourism)
- DIT Bolton Street (College of Engineering & Built Environment)
- DIT Cathal Brugha Street (College of Arts & Tourism, College of Sciences & Health)
- DIT Grangegorman (College of Arts & Tourism)
- DIT Kevin Street (College of Sciences & Health, College of Engineering & Built Environment)
- DIT Rathmines (College of Arts & Tourism)
- DIT Chatham Row (College of Arts & Tourism)

## 1.6.3: DIT Vision, Mission and Values:

### Vision:

Recognised internationally, DIT will be the first choice in Ireland for people who seek professional, career-focused learning and discovery in a vibrant environment renowned for innovation, creativity, the application of research and engagement with the community.



## Misean:

Lonnaithe i gcroílár phríomhchathair na hÉireann, cuireann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath timpeallacht foghlama nuálach, sofhreagrach agus comhbhách ar fáil do raon agus do leibhéil éagsúla clár do mhic léinn de gach aois agus ó gach cúlra.

Agus sin á dhéanamh aici, déanann ITBÁC na nithe seo a leanas:

- nascann sí caighdeán acadúil ollscoil thraidisiúnta le foghlaim, fionnachtain agus feidhmiú eolais atá dírithe ar an ngairm bheatha
- cuireann sí béim ar shármhaitheas i bhfoghlaim, i dteagasc, i scoláireacht, i dtaighde agus i dtacaíocht d'fhiontraíocht
- cuireann sí le dul chun cinn teicniúil, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha, agus
- tá sí rannpháirteach leis an bpobal agus laistigh de.

## Luachanna:

- Dírithe ar Mhic Léinn – Beidh a fhios ag na mic léinn cad, cén uair agus conas a fhoghlaimeoidh siad agus a ndéanfar measúnú orthu ar gach gné sonrach dá gclár agus beidh deis acu aiseolas tráthúil a chur ar fáil ar ábhar agus ar sheachadadh clár. Cuireann acmhainní leabharlainne, ICT, sóisialta agus speisialtachta timpeallachtaí ar fáil d'obair aonair agus obair ghrúpa a chruthaíonn codanna lárnacha na gclár. Tá seirbhísí agus tacaíochtaí riaracháin ar chaighdeán a éascaíonn do na mic léinn páirt iomlán a ghlacadh ina gcláir staidéir agus freagraíonn siad dá gcuid riachtanas go cuí.

- Úsáideach - Mic léinn a ullmhú do ghairmeacha beatha gairmiúla lena n-áirítear dearcaí idirnáisiúnta a chur in iúl dóibh a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le hionracas, freagracht agus scileanna fiontraíochta i dteannta úsáid eolais agus an méid a chuirtear le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha.

- Dúshlánach – Aghaidh a thabhairt ar an ortadocsacht trí phróisis diana fionnachtana, fiosrúcháin chriticiúil agus nuála. Taighde sainiúil, ábhartha agus tráthúil a dhéanamh chun eolas an duine daonna a bhrú chun cinn.

- Cuimsitheach – Féachaint le pobal cairdiúil, comhoibríoch agus iontaobhach a chruthú, áit a mbíonn tábhacht ag baint le héagsúlacht agus go gcaitear le daoine aonair le meas, go spreagtar iad a lán-acmhainneacht a bhaint amach agus an méid is féidir leo a chur leis an Institiúid agus a bheith bródúil as ár gcomhfhéiniúlacht.

- Oscailte, Ionraic, Gairmiúil agus Cuntasach - Eolas a roinnt go forghníomhach; ag gníomhú ar mhaithe leis an Institiúid; le húdarás agus cuntasacht déabhlóidithe do chinntí agus do ghníomhartha laistigh de chreat rialachán, beartas agus nósanna imeachta.

## Mission:

Located in the heart of Ireland's capital city, Dublin Institute of Technology provides an innovative, responsive and caring learning environment for a diverse range and level of programmes to students of all ages and backgrounds.

In doing so, DIT:

- combines the academic quality of a traditional university with career-focused learning, discovery and the application of knowledge
- emphasises excellence in learning, teaching, scholarship, research and support for entrepreneurship
- contributes to technological, economic, social and cultural progress, and
- is engaged with and within our community.

## Values:

- Student-Centred - Students know what, when and how they will learn and be assessed on each specific part of their programme with opportunity to provide timely feedback on programme content and delivery. Library, ICT, social and specialist resources provide environments for individual and group work that form integral parts of programmes. Administrative services and supports are of a quality to facilitate students in fully participating in their programmes of study and are appropriately responsive to their needs.

- Useful - Preparing students for professional careers including exposure to international perspectives emphasising the importance of integrity, responsibility and entrepreneurial skills alongside the utility of knowledge and contributions to economic, social and cultural development.

- Challenging - Challenge orthodoxy via rigorous processes of discovery, critical enquiry and innovation. Making distinctive, relevant and timely research contributions to advance human knowledge.

- Inclusive - Striving to create a friendly, collaborative and trusting community, where diversity is valued, individuals are treated with respect, encouraged to develop their potential and make their contribution, and pride is shared in our collective identity.

- Open, Honest, Professional and Accountable - Proactive sharing of information; acting in the Institute's best interests; with devolved authority and accountability for decisions and actions within a framework of regulations, policies and procedures.

## 1.7: RIALACHAS AR ITBÁC:

### 1.7.1: Comhlacht Rialaithe:

Bhunaigh An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992 an Comhlacht Rialaithe mar údarás rialaithe na hInstitiúide. Ar an gComhlacht Rialaithe tá Cathaoirleach agus Uachtarán na hInstitiúide agus 18 ngnáthchomhalta eile. Is féidir liosta de bhallraíocht reatha Chomhlacht Rialaithe ITBÁC a fháil ar http://www.dit.ie/ga/maidirle/misean/rialachas/anseachtucomhlachtrialaitheinitbac/

Déanann an Comhlacht Rialaithe gnóthaí na hInstitiúide agus maoin ar fad na hInstitiúide a rialú agus a bhainistiú agus comhlíonann sé na feidhmeanna a bronnadh ar an Institiúid mar a aithníodh in Achtanna ITBÁC 1992 agus 1994 agus san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006. Tá breis eolais maidir le freagrachtaí an Chomhlachta Rialaithe le fáil sna hAchtanna ITBÁC, 1992 agus 1994 agus san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 ar www.acts.ie

### 1.7.2: Foireann Ceannaireachta Shinsearach:

Ar Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach ITBÁC tá Stiúrthóirí na gceithre Choláiste agus na sé thrasfheidhm tacaíochta de chuid ITBÁC chomh maith leis an Uachtarán:

- Uachtarán ITBÁC
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste an Ghnó
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta
- Stiúrthóir, Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir
- Stiúrthóir, Forbairt na Mac Léinn agus Déan na Mac Léinn
- Stiúrthóir, Taighde, Fiontraíocht agus Seirbhísí Nuálaíochta
- Stiúrthóir, Seirbhísí Corparáideacha
- Stiúrthóir, Seirbhísí Campas agus Athlonnú
- Stiúrthóir, Campas Digiteach agus Trasfhoirmiú Foghlama

Cuireann an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach ról ceannaireachta ar fáil ó thaobh fás agus forbairt iomlán na hInstitiúide.

### 1.7.3: An Chomhairle Acadúil:

Is í an Chomhairle Acadúil an comhlacht reachtúil atá freagrach as caighdeáin acadúla na hInstitiúide a bhunú agus a chothabháil. Ceapann an Comhlacht Rialaithe comhaltaí chun cuidiú le hobair oideachais na hInstitiúide a phleanáil, a chomhordú, a fhorbairt agus a mhaoirsiú agus chun caighdeáin acadúla chláir agus ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chosaint, a chothabháil agus a fhorbairt.

Ar an gComhairle tá an tUachtarán, Stiúrthóirí, baill foirne acadúla shinsearacha, baill foirne acadúla agus mic léinn tofa. Tá thart ar 90 comhalta ar an gcomhairle agus de ghnáth bíonn 4 chruinniú in aghaidh na bliana acadúla aici.

## 1.7: GOVERNANCE OF DIT:

### 1.7.1: Governing Body:

The Governing Body was established by the Dublin Institute of Technology Act, 1992 as the governing authority of the Institute. The Governing Body consists of the Chairman and the President of the Institute and 18 ordinary members. A list of the current membership of the DIT Governing Body is available at http://dit.ie/about/organisation/governance/governingbody/

The Governing Body manages and controls the affairs of the Institute and all property of the Institute and performs the functions conferred on the Institute as identified in the DIT Acts 1992 and 1994 and the Institutes of Technology Act, 2006. Further information regarding the responsibilities of the Governing Body is available in the DIT Acts, 1992 and 1994 and the Institutes of Technology Act, 2006 at www.acts.ie

### 1.7.2: Senior Leadership Team:

The Directors of the four Colleges and the six cross DIT supporting functions, together with the President, constitute the DIT Senior Leadership Team:

- DIT President
- Director & Dean, College of Sciences & Health
- Director & Dean, College of Engineering & Built Environment
- Director & Dean, College of Business
- Director & Dean, College of Arts & Tourism
- Director, Academic Affairs and Registrar
- Director, Student Development and Dean of Students
- Director, Research, Enterprise and Innovation Services
- Director of Corporate Services
- Director, Campus Services & Relocation
- Director, Digital Campus & Learning Transformation

The Senior Leadership Team provides a leadership role in relation to the overall growth and development of DIT.

### 1.7.3: Academic Council:

The Academic Council is the statutory body charged with establishing and maintaining the academic standards of the Institute. Members are appointed by the Governing Body to assist it in the planning, co-ordination, development, and overseeing of the educational work of the Institute and to protect, maintain and develop the academic standards of the courses and the activities of the Institute.

The Council is comprised of the President, Directors, senior academic staff, elected academic staff and students. There are some ninety members and normally there are four meetings per academic year.

## **CAIBIDIL 2:** SEIRBHÍSÍ REATHA GAEILGE IN ITBÁC:

Feidhmíonn na ranna agus na scoileanna ar fad in ITBÁC, agus cuireann siad seirbhísí ar fáil nach mór, i mBéarla amháin. Níl soláthar Gaeilge mar thraidisiún ag ITBÁC cé go bhfuil líon beag foirne ar fud na hInstitiúide a bhfuil ar a gcumas acu seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Tá na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil faoi láthair ó scoileanna agus ó ranna ITBÁC (níl Dualgais Dhíreacha ná Rialacháin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar chomhlachtaí poiblí san áireamh) le bheith liostaithe ar láithreán gréasáin nua Oifig na Gaeilge DIT.

### 2.1: CÚLRA REACHTÚIL NA GAEILGE IN ITBÁC:

Tá forálacha d'fhorbairt na Gaeilge san áireamh san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 agus san Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992.

### 2.2: SEIRBHÍSÍ REATHA GAEILGE AR FÁIL IN ITBÁC:

Tá liosta cuimsitheach de na seirbhísí go léir atá ar fáil trí mheán na Gaeilge in ITBÁC le bheith curtha ar fáil ar láithreán gréasáin nua Oifig na Gaeilge ITBÁC ag www.dit.ie/gaeilge/seirbhisi

## **CHAPTER 2:** CURRENT IRISH LANGUAGE SERVICES AVAILABLE IN DIT:

Almost all departments and schools in DIT operate and provide services in English. DIT does not have a tradition of Irish language service provision although there is a cohort of staff located across the Institute that are capable of providing services through Irish.

The Irish language services that are currently available from DIT schools and departments (not including the Direct Duties or Regulations on public bodies under the Official Languages Act 2003) are to be listed on Oifig na Gaeilge DIT's new website.

### 2.1: LEGISLATIVE BACKGROUND TO THE IRISHLANGUAGE IN DIT:

Provisions for the development of the Irish language are included in the Institutes of Technology Act, 2006 and the Dublin Institute of Technology Act, 1992.

### 2.2: CURRENT IRISH LANGUAGE SERVICES IN DIT:

A comprehensive list of all services provided in DIT through Irish will be made available on Oifig na Gaeilge DIT's new website at www.dit.ie/gaeilge/services

## CAIBIDIL 3: GEALLTANAIS I dTREO SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ GAEILGE A FHEABHSÚ FAOI SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA ITBÁC:

Leanfaidh ITBÁC ar aghaidh le soláthar cuimsitheach seirbhísí do chustaiméirí trí mheán na Gaeilge a fhorbairt i rith shaolré na Dara Scéime Teanga seo. Déanfar dul chun cinn trí oiliúint chuí a chur ar fáil do bhaill foirne ar mian leo leas a bhaint aisti. Ní bheidh an próiseas sin curtha i gcrích i rith shaolré na scéime seo, ach leanfaidh sé ar aghaidh le bheith mar chuspóir i scéimeanna amach anseo.

### 3.1: SOLÁTHAR CLÁIR ACADÚLA GHAEILGE:

Ag an athbhreithniú ar Chéad Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC, ba í comhairle Oifig an Choimisinéara Teanga ná riachtanais áirithe Ghaeilge do chláir acadúla a eisiamh sa dara scéim reachtúil. Dá réir sin, ní shonróidh an Institiúid go ndéanfaí cláir agus modúil a theagasc trí mheán na Gaeilge, cé go raibh an fhoráil sin i bhfeidhm go hiomlán, den chuid is mó, i gCéad Scéim Teanga ITBÁC.

### 3.2: SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ GAEILGE A FHORBAIRT IN 3 PHRÍOMHROINN SEIRBHÍSE POIBLÍ - SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE ITBÁC, SEIRBHÍSÍ NA MAC LÉINN ITBÁC AGUS OIFIG NA nEASTÁT ITBÁC:

Tá na ranna seo a leanas ar na príomhsholáthraithe seirbhísí do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne in ITBÁC i láthair na huaire agus is iad na ranna príomhfhócais iad ó thaobh soláthar seirbhísí Gaeilge a fhorbairt i nDara Scéim Teanga ITBÁC: Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC (circa 60 ball foirne), Seirbhísí na Mac Léinn ITBÁC (circa 55 bhall foirne) agus Oifig na nEastát ITBÁC, atá freagrach as Fáiltithe ITBÁC (circa 100 ball foirne). Tá na príomhranna sin tiomanta do sholáthar seirbhíse dátheangaí a mhéadú agus a fhorbairt sna trí bliana amach romhainn trí na cuir chuige seo a leanas a ghlacadh:

Ó thús na scéime:

3.2.1: Tabharfaidh Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí na Mac Léinn agus Oifig na nEastát ITBÁC spreagadh agus tacaíocht do bhaill foirne le seirbhís as Gaeilge a sholáthar go gníomhach do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne le himeacht ama. Bainfear é seo amach, de réir mar a cheadaíonn leibhéil foirne, trí thacú agus spreagadh a thabhairt do bhaill foirne:

3.2.1.1: freastal ar ranganna Gaeilge foirne arna soláthar ag an Institiúid gach seimeastar, ar an gcampas agus lasmuigh de, le linn agus lasmuigh d'uaireanta oibre.
3.2.1.2: cáilíocht fhoirmiúil a bhaint amach sa Ghaeilge trí scrúduithe i dTeastas Eorpach na Gaeilge (Teastas Eorpach sa Ghaeilge) a dhéanamh.

## CHAPTER 3: COMMITMENTS TOWARDS ENHANCEMENT OF IRISH LANGUAGE SERVICE PROVISION UNDER DIT'S OFFICIAL LANGUAGES ACT SCHEME:

The DIT will continue the development of comprehensive customer service provision through the medium of Irish during the lifetime of this Second Language Scheme. Progress will be made through the provision of appropriate training for staff who wish to avail of it. The process will not be completed during the lifetime of this scheme, but will continue to be an objective in subsequent schemes.

### 3.1: PROVISION OF IRISH LANGUAGE ACADEMIC PROGRAMMES:

At the review of DIT's First Official Languages Act Scheme, the advice of Oifig an Choimisinéara Teanga was to exclude having specific Irish language requirements for academic programmes in the second statutory scheme. The Institute will not therefore specify programmes and modules to be taught through the medium of Irish, though for the most part such provision was fully implemented in DIT's First Language Scheme.

### 3.2: DEVELOPING IRISH LANGUAGE SERVICE PROVISION IN 3 KEY PUBLIC SERVICE DEPARTMENTS - DIT LIBRARY SERVICES, DIT STUDENT SERVICES AND DIT ESTATES OFFICE:

The following departments are currently the main service providers to DIT students, staff and the general public and will be the key focus departments for developing Irish language service provision in DIT's Second Language Scheme: DIT Library Services (circa 60 staff members), DIT Student Services (circa 55 staff members) and DIT Estates Office, responsible for DIT Receptions (circa 100 staff members). Each of these key departments commit to increasing and developing bilingual service provision over the next three years by adopting the following approaches:

From the outset of the scheme:

3.2.1: DIT Library Services, Student Services and Estates Office will encourage and support staff members to actively offer a service in Irish to students, staff and the general public over time. This will be achieved, as staffing levels allow, by supporting and encouraging staff members to:

3.2.1.1: attend staff Irish language classes provided by the Institute each semester, on and off campus, during and outside of working hours.
3.2.1.2: gain a formal qualification in Irish by sitting the Teastas Eorpach na Gaeilge (European Certificate in Irish).

Faoi dheireadh bhliain 1:

3.2.1.3: cáilíocht fhoirmiúil a fháil i Soláthar Seirbhísí Gaeilge trí Theastas sa Ghaeilge Ghairmiúil a bhaint amach. Déanfar soláthar do 5 bhall foirne in aghaidh na bliana thar shaolré na Dara Scéime Teanga seo ó Sheirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí na Mac Léinn agus Oifig na nEastát ITBÁC, go príomha, chun Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil a bhaint amach, más ann d'éileamh agus inniúlacht den sórt sin i measc na mball foirne arna gcur ar fáil, faoi réir gach critéir de chuid ITBÁC.

3.2.1.4: Cuirfear inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh mar 'Chritéar Inmhianaithe' maidir le folúntais i Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí na Mac Léinn agus Oifig na nEastát ITBÁC.

3.2.1.5: Eagróidh Oifig na Gaeilge Scéim Scoláireachta Gaeltachta a chlúdóidh táillí an chúrsa agus costais chothabhála na mball foirne atá ag obair go príomha sna 3 phríomhroinn seirbhíse poiblí. Leanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna ag tabhairt aitheantais do rannpháirtíocht bhaill foirne ITBÁC ar chúrsaí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht mar laethanta oiliúna, faoi réir cheadú a mbainisteora áitiúil agus reáchtálfar an scéim faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha.

3.2.1.6: Soláthróidh Seirbhísí na Mac Léinn leathanach gréasáin ar a láithreán gréasáin a chuirfidh eolas ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí faoi scileanna teanga bhaill foirne Sheirbhísí na Mac Léinn lena n-áirítear inniúlacht sa Ghaeilge.

Faoi dheireadh bhliain 3:

3.2.1.7: Déanfar oiliúint Ghaeilge ar leith ar an láthair a thairiscint do bhaill foirne na Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí na Mac Léinn agus Oifig na nEastát ITBÁC d'fhonn soláthar seirbhíse trí mheán na Gaeilge a fheabhsú.

## 3.3: OILIÚINT GHAEILGE AGUS ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA D'FHOIREANN UILE ITBÁC:

Ó thús na scéime:

3.3.1: Leanfaidh ITBÁC ag cur oiliúint Ghaeilge ar campas ar fáil do bhaill foirne ag leibhéil éagsúla agus éascóidh sí freastal foirne ar oiliúint lasmuigh den champas, faoi réir éilimh, acmhainní agus riachtanais oibríochtúla áitiúla leordhóthanacha. Léireoidh an leibhéal oiliúna a chuirfear ar fáil don fhoireann an t-éileamh agus is í Oifig na Gaeilge a eagróidh an oiliúint le tacaíocht ó Fhorbairt Foirne.

3.3.2:Leanfaidh Forbairt Foirne ar aghaidh ag cur maoiniú ar fáil i dtreo chostas na hoiliúna Gaeilge don fhoireann le linn uaireanta oibre, chomh maith le ham lóin agus tráthnónta le linn shaolré na scéime seo.

By the end of year 1:

3.2.1.3: gain a formal qualification in Irish Language Service Provision by achieving a Certificate in Professional Irish / Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil. Provision will be made for 5 staff members per year, over the lifetime of this Second Language Scheme, from DIT Library Services, Student Services and Estates Office, primarily, to attain the Certificate in Professional Irish, if such demand and capacity exists amongst the staff offered, subject to all DIT criteria.

3.2.1.4: Competency in the Irish language will be included as a 'Desirable Criteria' for vacancies occurring in DIT Library Services, Student Services and Estates Office.

3.2.1.5: An additional Gaeltacht Scholarship Scheme will be organised by Oifig na Gaeilge which will cover course fees and accommodation costs of staff primarily working in the 3 key public service departments. The Human Resources Department will continue to recognise participation by DIT staff on Irish language Gaeltacht summer courses as training days, subject to the approval of their local manager and the scheme will run subject to sufficient demand and resources.

3.2.1.6: Student Services will produce a webpage on their website that will inform service users of the language skills of the Student Services staff including competency in Irish.

By the end of year 3:

3.2.1.7: Specific on-site Irish language training will be offered to all DIT Library Services, Student Services and Estates Office staff in order to improve service provision through the medium of Irish

## 3.3: IRISH LANGUAGE & OFFICIAL LANGUAGES ACT TRAINING FOR ALL DIT STAFF:

From the outset of the scheme:

3.3.1: DIT will continue to support the provision of Irish language training on-campus for staff at different levels and will facilitate staff attendance at off-campus training, subject to sufficient demand, resources and local operational requirements. The level of training offered to staff will reflect demand and will be organised by Oifig na Gaeilge with the support of Staff Development.

3.3.2: Staff Development will continue to provide funding towards the cost of providing Irish language training for staff during work hours, as well as at lunchtimes and evenings during the lifetime of this scheme.

3.3.3: Leanfar le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann scrúduithe Teastas Eorpach na Gaeilge a dhéanamh gach bliain, lena n-áirítear táillí scrúdaithe a sholáthar agus saoire staidéir agus scrúdaithe a bhronnadh, faoi réir cheadú bainistíochta áitiúla agus bheartais ITBÁC.

3.3.4: Leanfaidh Oifig na Gaeilge ag eagrú scoláireachtaí agus leanfar le scoláireachtaí a chur ar fáil do bhaill foirne ITBÁC chun cabhrú leis na costais a bhaineann le freastal ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht a chlúdach, faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha.

3.3.5: Leanfaidh Roinn na nAcmhainní Daonna ag tabhairt aitheantais do rannpháirtíocht bhaill foirne ITBÁC ar chúrsaí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht mar laethanta oiliúna, faoi réir cheadú a mbainisteora áitiúil.

3.3.6: Cuirfidh ITBÁC baill foirne nua ar an eolas faoi ghealltanais agus faoi dhualgais na hInstitiúide faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi dheiseanna forbartha chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú i rith ionduchtúcháin.

Faoi dheireadh bhliain 1:

3.3.7: Cuimseoidh Forbairt Foirne Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil i liosta na gcúrsaí atá incháilithe do Thacaíocht Táille do Bhaill Foirne atá ag tabhairt faoi Ardcháilíochtaí lasmuigh de ITBÁC.

Faoi dheireadh bhliain 2:

3.3.8: Ullmhóidh Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC cur i láthair oiliúna ar líne ar Riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla a bheidh ar fáil ar an láithreán gréasáin ag Campas Digiteach agus Trasfhoirmiú Foghlama ITBÁC.

3.3.9: Comhoibreoidh Forbairt Foirne ITBÁC le Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla agus leis an bhFoireann Ceannaireachta Shinsearach ionas go mbeidh Riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla mar chuid d'Oiliúint Bhainistíochta i gcás gach Ceann Ranna.

3.3.3: Staff will continue to be encouraged and supported to take the European Certificate in Irish examinations each year, including provision of examination fees and awarding of study and exam leave, subject to local management approval and DIT policies.

3.3.4: Scholarships will continue to be organised by Oifig na Gaeilge and provided to DIT staff to help cover the costs of attending Irish language summer courses in the Gaeltacht, subject to sufficient demand and resources.

3.3.5: The Human Resources Department will continue to recognise participation by DIT staff on Irish language Gaeltacht summer courses as training days, subject to the approval of their local manager.

3.3.6: DIT will continue to make new staff aware of the Institute's commitments and obligations under the Official Languages Act as well as development opportunities to improve their competence in Irish, during induction.

By the end of year 1:

3.3.7: Staff Development will include the Certificate in Professional Irish / Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil in the list of courses eligible for Fee Support for Staff pursuing Advanced Qualifications outside of DIT.

By the end of year 2:

3.3.8: DIT's Official Languages Act Committee will prepare an online training presentation on the Requirements of the Official Languages Act which will be made available on DIT's Digital Campus & Learning Transformation website.

3.3.9: DIT Staff Development will co-operate with DIT's Official Languages Act Committee and Senior Leadership Team in including Official Languages Act Requirements as Management Training for all Heads of Departments.

## 3.4: FOILSEACHÁIN, ÁBHAR BOLSCAIREACHTA AGUS MEÁIN ITBÁC:

### FOILSEACHÁIN AGUS ÁBHAR BOLSCAIREACHTA:

**Ó thús na scéime:**

3.4.1: Cuimseoidh ITBÁC ábhar dátheangach sa Réamheolaire Fochéime lena n-áirítear Réamhrá ón Uachtarán, an tEolas Ginearálta go léir agus teidil na gClár.

3.4.2: Soláthrófar réamhrá agus fáiltiú agus teidil na gcéimeanna i Leabhráin na Searmanas Bronnta Céimeanna go dátheangach.

3.4.3: Beidh ábhar dátheangach i bPáir Dhámhachtana ITBÁC.

3.4.4: Soláthrófar Leabhrán Eolais Leabharlann Ghráinseach Ghormáin i bhformáid dhátheangach.

3.4.5: Soláthrófar Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí ITBÁC chuig an gComhlacht Rialaithe i bhformáid dhátheangach.

3.4.6: Cuimseoidh leaganacha nuashonraithe de na foilseacháin seo a leanas arna soláthar ag Stiúrthóireacht na nGnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora réamhráite agus cláir dhátheangacha:

- 3.4.6.1: Rialacháin Ghinearálta Measúnaithe
- 3.4.6.2: Lámhleabhar maidir le Feabhsú na Cáilíochta Acadúla

**Faoi dheireadh bhliain 1:**

3.4.7:Beidh clúdach agus ceannteidil dhátheangacha chomh maith le mír a bhaineann leis an Ghaeilge in ITBÁC le fáil san Irisleabhar a fhoilsíonn Saol an Champais do mhic léinn na chéad bhliana.

**Faoi dheireadh bhliain 2:**

3.4.8: Cuimseoidh an Lámhleabhar Ionduchtúcháin do Bhaill Foirne ábhar Gaeilge sa Réamhrá agus beidh mír ann a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus le hOifig na Gaeilge.

**Faoi dheireadh bhliain 3:**

3.4.9: Chomh luath agus a bhronnfar stádas mar Ollscoil Teicneolaíochta ar ITBÁC le hInstitiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, cuirfear ábhar dátheangach san áireamh sa Réamheolaire Fochéime nua.

## 3.4: DIT PUBLICATIONS, PROMOTIONAL MATERIAL AND MEDIA:

### PUBLICATIONS & PROMOTIONAL MATERIAL:

**From the outset of the scheme:**

3.4.1: DIT will include bilingual content in the Undergraduate Prospectus including Introduction by the President, all of the General Information section and Programme titles.

3.4.2:The introduction and welcome and the degree titles of the Graduation Ceremony Booklets will be produced bilingually.

3.4.3: The DIT Awards Parchments will include bilingual content.

3.4.4: The Grangegorman Library Information Booklet will be produced in bilingual format.

3.4.5: The DIT Internal Audit Annual Report to DIT Governing Body will be produced in bilingual format.

3.4.6: Any updated versions of the following publications produced by the Directorate of Academic Affairs and Registrar will include bilingual introductions and tables of contents:

- 3.4.6.1: General Assessment Regulations
- 3.4.6.2: Handbook for Academic Quality Enhancement

**By the end of year 1:**

3.4.7: The Campus Life magazine for first year students will have a bilingual cover, headings and section dealing with the Irish language in DIT.

**By the end of year 2:**

3.4.8: The online Staff Induction Handbook will include Irish language content in the Introduction section and will have a section dealing with the Official Languages Act and Oifig na Gaeilge.

**By the end of year 3:**

3.4.9: Once DIT is awarded Technological University status with IT Tallaght and IT Blanchardstown, bilingual content will be included in the new Undergraduate Prospectus.

MEÁIN ITBÁC:

Ó thús na scéime:

3.4.10: Leanfaidh ITBÁC ag eisiúint gach preasráiteas a bhaineann le saincheisteanna na Gaeilge go dátheangach. Chomh maith leis sin eiseoidh ITBÁC 12 phreasráiteas eile ar a laghad in aghaidh na bliana i bhformáid dhátheangach go comhuaineach maidir le raon ábhar.

3.4.11: Leanfar ag cur ábhar nuachta Gaeilge in 'Update', ríomhiris na foirne a fhoilsíonn Oifig na nGnóthaí Poiblí.

3.4.12: Cuirfear ábhar Gaeilge chun cinn i meáin na mac léinn ITBÁC lena n-áirítear an nuachtán 'The Edition'.

3.4.13: Leanfar le bunachar sonraí na meán 'Saineolaithe le Gaeilge' ag Oifig na nGnóthaí Poiblí a nuashonrú.

Faoi dheireadh bhliain 1:

3.4.14: Cuimseoidh ríomhirisí na mac léinn, a chuireann Oifig na nGnóthaí Poiblí ar fáil i rith na bliana acadúla, ábhar Gaeilge.

3.4.15: Cuimseoidh Seirbhísí na Mac Léinn ábhar dátheangach ina n-ábhar bolscaireachta lena n-áirítear eolas do mhic léinn nua de chuid ITBÁC in ábhar físe agus ar líne.

DIT MEDIA:

From the outset of the scheme:

3.4.10: DIT will continue to issue all press releases relating to Irish language issues bilingually. In addition DIT will issue at least 12 other press releases per annum bilingually simultaneously on a range of topics.

3.4.11: 'Update', the staff e-zine published by the Public Affairs Office will continue to include Irish language news content.

3.4.12: Irish language content will be promoted in DIT student media, including 'The Edition' newspaper.

3.4.13: The 'Experts with Irish' media database will continue to be updated by the Public Affairs Office.

By the end of year 1:

3.4.14: Student e-zines produced by the Public Affairs Office during the academic year will include Irish language content.

3.4.15: Student Services will include bilingual content in their promotional material including information for new students to DIT on registration in video and on-line content.

## 3.5: FOIRMEACHA IARRATAIS, BILEOGA EOLAIS AGUS EOLAS GINEARÁLTA ITBÁC:

### FOIRMEACHA IARRATAIS ITBÁC:
Faoi dheireadh bhliain 1:

3.5.1: I gcás inar cuí é de réir leagan amach, déanfar leaganacha dátheangacha de na Foirmeacha Iarratais ITBÁC a liostaítear thíos a sholáthar laistigh de chlúdach amháin leis an nGaeilge ag teacht ar dtús. I gcás ina mbeidh dhá leagan ar leith ag teastáil, beidh an fhoirm iarratais i mBéarla le feiceáil ar dtús agus beidh an leagan Gaeilge le feiceáil thíos faoi, laistigh de chlúdach amháin. Luafar ar an leagan Béarla 'Leagan Gaeilge thíos / Irish language version below'.

3.5.2: Cuirfear aon Fhoirm Iarratais nua ó Sheirbhísí Leabharlainne ITBÁC ar fáil go dátheangach laistigh de chlúdach amháin agus déanfar iad a uaslódáil chuig láithreán gréasáin Leabharlann ITBÁC.

3.5.3: Cuirfear aon Fhoirm Iarratais Ar Líne nua ó Sheirbhísí Leabharlainne ITBÁC ar fáil go dátheangach.

3.5.4: Cuirfear aon Fhoirm Iarratais nua ón Oifig Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil go dátheangach laistigh de chlúdach amháin agus déanfar iad a uaslódáil chuig a láithreán gréasáin.

3.5.5: Cuirfidh Oifig an Dearbhaithe Cáilíochta agus Taifead na gClár Acadúil leaganacha dátheangacha agus leaganacha Gaeilge agus Béarla de na foirmeacha seo a leanas ar fáil laistigh de chlúdach amháin agus déanfar iad a uaslódáil chuig a láithreán gréasáin:
- 3.5.5.1: M1 Teimpléad do Thuairisceoir Modúil
- 3.5.5.2: M2 Teimpléad do Leasú Modúil
- 3.5.5.3: M3 Teimpléad do Leasú Clár
- 3.5.5.4: M4 Modúl Reatha a Bhailíochtú mar Mhiondámhachtain CPD
- 3.5.5.5: Q1A Moladh Maidir le Clár Nua Dámhachtana
- 3.5.5.6: Q6A Foirm Suirbhé an Léachtóra ar na Mic Léinn

## 3.5: DIT APPLICATION FORMS, INFORMATION LEAFLETS & GENERAL INFORMATION:

### DIT APPLICATION FORMS:
By the end of year 1:

3.5.1: Where layout deems it appropriate, bilingual versions of the DIT Application Forms listed below will be produced within the one cover with the Irish language coming first. Where two separate versions are required, the English application form will appear first and the Irish language version will appear below, within the one cover. The English language version will state 'Leagan Gaeilge thíos / Irish language version below'.

3.5.2: Any new DIT Library Services Application Form will be produced bilingually within the one cover and it will be uploaded to the DIT Library website.

3.5.3: Any new DIT Library Services On-line Application Form will be produced bilingually.

3.5.4: Any new Health & Safety Office Application Form will be produced bilingually within the one cover and it will be uploaded to their website.

3.5.5: The Quality Assurance and Academic Programme Records Office will produce bilingual and Irish and English versions of the following forms within the one cover and they wil be uploaded to their website:
- 3.5.5.1: M1 Module Descriptor Template
- 3.5.5.2: M2 Module Amendment Template
- 3.5.5.3: M3 Programme Amendment Template
- 3.5.5.4: M4 Validate existing Module as CPD Minor Award
- 3.5.5.5: Q1A New Award Programme Proposal
- 3.5.5.6: Q6A Survey of Students by Lecturer Form

Faoi dheireadh bhliain 2:
3.5.6: Soláthróidh Oifig Iontrálacha ITBÁC Foirm Iarratais ar Chláir Pháirtaimseartha i bhfoirm dhátheangach laistigh de chlúdach amháin agus déanfar í a uaslódáil chuig a láithreán gréasáin.

3.5.7: Cuirfidh Seirbhísí na Mac Léinn na Foirmeacha Iarratais seo a leanas ar fáil go dátheangach laistigh de chlúdach amháin agus déanfar iad a uaslódáil chuig a láithreán gréasáin:
- 3.5.7.1: Foirm le hIarratas a dhéanamh ar Scrúdú Forlíontach
- 3.5.7.2: Foirm le hIarratas a dhéanamh ar Staidéar a Iarchur
- 3.5.7.3: Iarratas ar Tharraingt Siar as ITBÁC
- 3.5.7.4: Foirm le hIarratas a dhéanamh ar Thrascríbhinn Torthaí
- 3.5.7.5: Foirm Údaraithe chun Scrúdú a dhéanamh in Athuair go hInmheánach
- 3.5.7.6: Foirm Údaraithe chun Scrúdú a dhéanamh in Athuair go Seachtrach
- 3.5.7.7: Staidéar Roimhe Seo - Foirm Dhearbhaithe ar Tháillí do Mhic Léinn
- 3.5.7.8: Cónaitheacht - Foirm Mheasúnaithe Táillí
- 3.5.7.9: Foirm Mheasúnaithe Táillí Teagaisc

3.5.8: Cuirfidh Forbairt Foirne na Foirmeacha Iarratais seo a leanas ar fáil go dátheangach laistigh de chlúdach amháin agus déanfar iad a uaslódáil chuig a láithreán gréasáin:
- 3.5.8.1: Tacaíocht Táillí do Bhaill Foirne atá ag tabhairt faoi Ardcháilíochtaí - Foirm Iarratais le haghaidh Iarratais Nua - Tag: FS1
- 3.5.8.2: Tacaíocht Táillí do Bhaill Foirne atá ag tabhairt faoi Ardcháilíochtaí - Foirm Iarratais le leanúint de Mhaoiniú - Tag: FS2
- 3.5.8.3: Comórtas Tacaíochta Táillí - Foirm Iarratais maidir le Maoiniú Formheasta a Íoc - Tag: FS3
- 3.5.8.4: Nósanna Imeachta maidir le Saoire Staidéir agus Scrúdaithe do Bhaill Foirne Neamhacadúla ITBÁC - Foirm Iarratais
- 3.5.8.5: Foirm Iarratais um Tharscaoileadh Táillí do Bhaill Foirne ITBÁC atá ag Clárú ar Chláir Pháirtaimseartha agus Tráthnóna
- 3.5.8.6: Foirm Iarratais maidir le hOiliúint Ar Líne

Faoi dheireadh bhliain 3:
3.5.9: Cuirfidh Oifig an Dearbhaithe Cáilíochta agus Taifead na gClár Acadúil leaganacha dátheangacha agus leaganacha Gaeilge agus Béarla de na foirmeacha seo a leanas ar fáil laistigh de chlúdach amháin agus déanfar iad a uaslódáil chuig a láithreán gréasáin:
- 3.5.9.1: Foirm Ainmniúcháin an Scrúdaitheora Inmheánaigh - Tag: E1
- 3.5.9.2: Foirm Ainmniúcháin an Scrúdaitheora Sheachtraigh - Tag: E2
- 3.5.9.3: Foirm Tuairisce an Scrúdaitheora Sheachtraigh - Tag: E3
- 3.5.9.4: Ceistneoir Suirbhé maidir leis an gClár - Tag: Q6C
- 3.5.9.5: Foirm Iarratais um Scrúdú a Athsheiceáil - Tag: A/R1:
- 3.5.9.6: Foirm Iarratais um Scrúdú a Athmharcáil - Tag: A/R 2
- 3.5.9.7: Foirm um Chúinsí Pearsanta - Tag: P/C 1
- 3.5.9.8: Foirm Ghearáin na Mac Léinn

By the end of year 2:
3.5.6: DIT Office of Admissions will produce the Part-time Programmes Application Form in bilingual format within the one cover and it will be uploaded to their website.

3.5.7: Student Services will produce the following Application Forms bilingually within the one cover and they will be uploaded to their website:
- 3.5.7.1: Supplemental Examination Entry Form
- 3.5.7.2: Application to Defer Studies Form
- 3.5.7.3: Application to Withdraw from DIT
- 3.5.7.4: DIT Transcript Request Form
- 3.5.7.5: Internal Repeat Authorisation Form
- 3.5.7.6: External Repeat Authorisation Form
- 3.5.7.7: Previous Study - Student Fee Declaration Form
- 3.5.7.8: Residency - Fee Assessment Form
- 3.5.7.9: Tuition Fee Assessment Form

3.5.8: Staff Development will produce the following Application Forms bilingually within the one cover and they will be uploaded to their website:
- 3.5.8.1: Fee Support for Staff Pursuing Advanced Qualifications - Application Form for New Applications - Ref: FS1
- 3.5.8.2: Fee Support for Staff Pursuing Advanced Qualifications - Application Form for Continuation of Funding - Ref: FS2
- 3.5.8.3: Fee Support Competition – Application Form for Payment of Approved Funding – Ref: FS3
- 3.5.8.4: Study Leave and Examination Leave Procedures for DIT Non Academic Staff - Application Form
- 3.5.8.5: Fee Waiver Application Form for DIT Staff Registering on Part-time and Evening Programmes
- 3.5.8.6: Online Training Application Form

By the end of year 3:
3.5.9: The Quality Assurance and Academic Programme Records Office will produce bilingual and Irish and English versions of the following forms within the one cover and they will be uploaded to their website:

- 3.5.9.1: Internal Examiner Nomination Form - Ref: E1
- 3.5.9.2: External Examiner Nomination Form - Ref: E2
- 3.5.9.3: External Examiner Report Form - Ref: E3
- 3.5.9.4: Programme Survey Questionnaire - Ref: Q6C
- 3.5.9.5: Examination Recheck Application Form - Ref: A/R1:
- 3.5.9.6: Examination Remark Application Form - Ref: A/R 2
- 3.5.9.7: Personal Circumstances Form - Ref: P/C 1
- 3.5.9.8: Student Complaint Form

BILEOGA EOLAIS AGUS EOLAS GINEARÁLTA ITBÁC:
Ó thús na scéime:
3.5.10: Leanfar le sainchuntais poist san Institiúid ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhriachtanas a fhoilsiú as Gaeilge nó go dátheangach.

3.5.11: Tá na hábhair seo a leanas ar fáil faoi láthair as Gaeilge nó as Gaeilge agus i mBéarla laistigh de chlúdach amháin in ITBÁC agus leanfar á soláthar ar an mbealach sin i gcruachóip agus ar líne:
- 3.5.11.1: Gach foirm, bróisiúr agus bileog eolais de chuid Oifig na Gaeilge
- 3.5.11.2: Gach bróisiúr agus bileog eolais a bhaineann le DT 587: MA sa Ghaeilge Fheidhmeach

Faoi dheireadh bhliain 1:
3.5.12: Aithneofar Bileoga Eolais a úsáidtear go minic i ngach ceann de na 6 láthair leabharlainne in ITBÁC agus soláthrófar i bhformáid dhátheangach iad.

3.5.13: Soláthróidh Saol an Champais Cairt na Mac Léinn ITBÁC i bhformáid dhátheangach.

Faoi dheireadh bhliain 2:
3.5.14: Beidh ábhar dátheangach i Réamhrá Lámhleabhar Ginearálta na Mac Léinn arna soláthar ag Stiúrthóireacht na nGnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora.

Faoi dheireadh bhliain 3:
3.5.15: Soláthróidh leabharlann nua ITBÁC i nGráinseach Ghormáin, atá le hoscailt in 2020, bileoga agus leabhráin eolais arna soláthar ag Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC maidir leis na seirbhísí a chuirfidh an Leabharlann ar fáil go dátheangach agus laistigh de chlúdach amháin.

3.5.16: Comhoibreoidh Seirbhísí na Mac Léinn leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le freagarleabhair dhátheangacha chaighdeánaithe a sholáthar le haghaidh scrúduithe ITBÁC.

DIT INFORMATION LEAFLETS & GENERAL INFORMATION:
From the outset of the scheme:
3.5.10: Job descriptions for posts in the Institute where Irish is a core requirement will continue to be published in Irish or bilingually.

3.5.11: The following materials are currently available in Irish or in Irish and in English within the one cover in DIT and they will continue to be produced in this way in hard copy and online:
- 3.5.11.1: All Oifig na Gaeilge forms, brochures and information leaflets
- 3.5.11.2: All brochures & information leaflets pertaining to DT 587: MA sa Ghaeilge Fheidhmeach (MA in Applied Irish)

By the end of year 1:
3.5.12: High usage Information Leaflets in use in all of DIT's 6 library locations will be identified and produced in bilingual format.

3.5.13: DIT Campus Life will provide the DIT Student Charter in bilingual format

By the end of year 2:
3.5.14: The General Student Handbook produced by the Directorate of Academic Affairs and Registrar will contain bilingual content in the Introduction section.

By the end of year 3:
3.5.15: DIT's new library in Grangegorman, to open in 2020, will provide all information leaflets and booklets produced by DIT Library Services regarding the services of the Library in bilingual format within the same cover.

3.5.16: Student Services will collaborate with the relevant stakeholders on producing standardised bilingual answer books for DIT examinations.

## 3.6: TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE, LÁITHREÁN GRÉASÁIN ITBÁC, CÓRAIS AR LÍNE AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA:

### TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE:

Ó thús na scéime:

3.6.1: Leanfar le teachtaireacht dhátheangach a bheith i gceangal le gach ríomhphost a théann trí chórais scanta ríomhphoist ITBÁC ó thús na scéime seo.

3.6.2: Leanfaidh Seirbhísí na Mac Léinn orthu ag seoladh fógraí ríomhphoist dátheangacha chun a chur in iúl do mhic léinn:

- 3.6.2.1: clárú ar líne
- 3.6.2.2: gur féidir leo torthaí scrúduithe a fháil ar líne

3.6.3: Cuirfidh Oifig na nGnóthaí Poiblí teimpléad ríomhshínithe dátheangach ar fáil do gach roinn in ITBÁC.

3.6.4: Cinnteoidh Seirbhísí Eolais ITBÁC go ndéanfar stáisiúin oibre ríomhairí agus feistí imeallacha reatha agus nua go léir a chumrú chun tacú le hiontráil, léiriú agus priontáil eolais i gceachtar den dá theanga oifigiúla. Beidh bunchumraíocht méarchláir chaighdeánach na Ríochta Aontaithe / na hÉireann ag gach ríomhaire amach anseo.

3.6.5: Beidh na córais ríomhaireachta nua a chuirfear isteach in ITBÁC comhoiriúnach leis an nGaeilge ó thaobh ainmneacha, logainmneacha agus seoltaí a thaifeadadh, a thaispeáint agus a phriontáil mar is ceart.

### Faoi dheireadh bhliain 1:

3.6.6: Cuirfidh Seirbhísí na Mac Léinn teimpléad ríomhshínithe dátheangach ar fáil a mbainfidh gach ball foirne úsáid as.

### Faoi dheireadh bhliain 2:

3.6.7: Seolfaidh Seirbhísí na Mac Léinn fógra ríomhphoist dátheangach chuig mic léinn chun cuireadh a thabhairt dóibh clárú le haghaidh modúl nua.

3.6.8: Taispeánfar freagraí uathoibríocha arna dtáirgeadh ag Seirbhísí na Mac Léinn mar fhreagra ar ríomhphoist a fhaightear ag amanna áirithe den bhliain a bhaineann le cúrsaí éagsúla cosúil le Clárú, Scrúduithe agus Bronnadh Céimeanna go dátheangach.

### Faoi dheireadh bhliain 3:

3.6.9: Chomh luath agus a bhronnfar stádas mar Ollscoil Teicneolaíochta ar Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, déanfar cártaí mac léinn agus foirne a sholáthar go hiomlán dátheangach.

## 3.6: INFORMATION TECHNOLOGY, DIT WEBSITE, ON-LINE SYSTEMS & SOCIAL MEDIA:

### INFORMATION TECHNOLOGY:

From the outset of the scheme:

3.6.1: All emails passing through DIT's email scanning systems will continue to be appended with a bilingual message from the outset of this scheme.

3.6.2: Student Services will continue to send bilingual email notices to inform students:

- 3.6.2.1: to register on-line
- 3.6.2.2: that they can receive their examination results on-line

3.6.3: The Public Affairs Office will offer a bilingual email signature template to all DIT departments.

3.6.4: DIT Information Services will ensure that all current and future computer workstations and peripheral devices will be configured to support the entry, display and printing of information in either official language. All future computers will have standard UK / Ireland as their basic keyboard configuration.

3.6.5: New computer systems installed in DIT will be Irish language compatible in the sense of allowing names, place names and addresses to be recorded, displayed and printed correctly.

### By the end of year 1:

3.6.6: Student Services will produce a bilingual email signature template which will be used by all of its staff members.

### By the end of year 2:

3.6.7: Student Services will send a bilingual email notice to students to invite them to register for new modules.

3.6.8: The auto-responses produced by Student Services to emails received at certain times of the year relating to various matters such as Registration, Examinations and Graduations will be displayed bilingually.

### By the end of year 3:

3.6.9: Once DIT is awarded Technological University status with IT Tallaght and IT Blanchardstown, new student and staff cards will be produced completely bilingually.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN ITBÁC, CÓRAIS AR LÍNE AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA:

Ó thús na scéime:
3.6.10: Cuirfidh ITBÁC gealltanais na hInstitiúide faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC chun cinn go gníomhach ar an láithreán gréasáin www.dit.ie/gaeilge a ndéanfar nuashonrú air go rialta.

3.6.11: Cuirfear leaganacha Gaeilge d'aon leathanach nua a thugtar cothrom le dáta ar fáil sa chuid Maidir le ITBÁC den láithreán gréasáin.

3.6.12: Bainfear úsáid as an nGaeilge i bpostálacha agus i bhfeachtais oifigiúla mheáin shóisialta ITBÁC, lena n-áirítear Facebook, Twitter, Instagram agus #MyDITLife

Faoi dheireadh bhliain 1:
3.6.13: Cuirfear leaganacha Gaeilge de na leathanaigh ghréasáin seo a leanas de chuid na Seirbhísí Leabharlainne ar fáil:
- 3.6.13.1: Teicneolaíocht Chúnta do mhic léinn faoi mhíchumas
- 3.6.13.2: Ábhair Chlosamhairc sa leabharlann
- 3.6.13.3: Iasachtaí
- 3.6.13.4: Brabhsálaithe
- 3.6.13.5: Bunachair Sonraí na Leabharlainne
- 3.6.13.6: Tráchtais

3.6.14: Beidh ábhar statach dátheangach ar fáil ar an leathanach Fáilte/Baile den láithreán gréasáin nua ag Campas Digiteach agus Trasfhoirmiú Foghlama.

Faoi dheireadh bhliain 2:
3.6.15: Tá ábhar statach dátheangach ag gach Scoil de chuid ITBÁC ar a leathanaigh Fáilte/Baile.

3.6.16: Cuirfear leaganacha Gaeilge de na leathanaigh ghréasáin seo a leanas ag Oifig na nEastát ar fáil:
- 3.6.16.1: Foirgnimh agus Uaireanta Oscailte
- 3.6.16.2: Deasc Chabhrach na nEastát

3.6.17: Cuirfear leaganacha Gaeilge de na leathanaigh ghréasáin seo a leanas ag Seirbhísí na Mac Léinn ar fáil:
- 3.6.17.1: Leathanach lamairne, Seirbhísí na Mac Léinn
- 3.6.16.2: Leathanach lamairne, Seirbhísí Clárúcháin
- 3.6.16.3: Leathanach lamairne, Táillí agus Deontais
- 3.6.16.4: Leathanach lamairne, Ionaid Sheirbhísí na Mac Léinn
- 3.6.16.5: Leathanach lamairne, Scrúduithe
- 3.6.16.6: Leathanach lamairne, Bronnadh Céimeanna
- 3.6.16.7: Leathanach lamairne, Seirbhísí Ar Líne do Mhic Léinn

DIT WEBSITE, ON-LINE SYSTEMS AND SOCIAL MEDIA:

From the outset of the scheme:
3.6.10: DIT will actively promote and make the public aware of the Institute's commitments under DIT's Official Languages Act Scheme on the www.dit.ie/gaeilge website which will be updated regularly.

3.6.11: Irish language versions of any new pages that are updated on the About DIT section of the website will be made available.

3.6.12: The Irish language will be used in DIT official social media posts and campaigns, including Facebook, Twitter, Instagram and #MyDITLife

By the end of year 1:
3.6.13: Irish language versions of the following Library Services website pages will be made available:
- 3.6.13.1: Assistive Technology for students with disabilities
- 3.6.13.2: Audio Visual materials in the library
- 3.6.13.3: Borrowing
- 3.6.13.4: Browsers
- 3.6.13.5: Library Databases
- 3.6.13.6: Dissertations

3.6.14: The new Digital Campus & Learning Transformation website will have bilingual static content on their Welcome / Home page.

By the end of year 2:
3.6.15: All DIT Schools will have bilingual static content on their Welcome / Homepages.

3.6.16: Irish language versions of the following Estates Office website pages will be made available:
- 3.6.16.1: Buildings & Opening Hours
- 3.6.16.2: Estates Help Desk

3.6.17: Irish language versions of the following Student Services website pages will be made available:
- 3.6.17.1: Student Services landing page
- 3.6.16.2: Registration Services landing page
- 3.6.16.3: Fees & Grants landing page
- 3.6.16.4: Student Service Centres landing page
- 3.6.16.5: Examinations landing page
- 3.6.16.6: Graduations landing page
- 3.6.16.7: Online Student Services landing page

Faoi dheireadh bhliain 3:

3.6.18: Cuirfear leaganacha Gaeilge de na leathanaigh ghréasáin seo a leanas ag Seirbhísí Shaol an Champais ar fáil:

- 3.6.18.1: Leathanach lamairne, Oifig Shaol an Champais
- 3.6.18.2: Leathanach lamairne, Cóiríocht
- 3.6.18.3: Leathanach lamairne, Ionad Forbartha Gairme
- 3.6.18.4: Leathanach lamairne, Séiplíneacht
- 3.6.18.5: Leathanach lamairne, Comhairleoireacht
- 3.6.18.6: Leathanach lamairne, Ionad Sláinte
- 3.6.18.7: Leathanach lamairne, Tacaíocht do Mhic Léinn Lánfhásta
- 3.6.18.8: Leathanach lamairne, Oifig na gCumann
- 3.6.18.9: Leathanach lamairne, Spóirt agus Áineas
- 3.6.18.10: Leathanach lamairne, Cúnamh Airgeadais do Mhic Léinn

3.6.19: Aon chóras íocaíochta nua ar líne de chuid Sheirbhísí Leabharlainne ITBÁC, cuirfear ar fáil go dátheangach é faoi réir inmharthanacht theicniúil.

By the end of year 3:

3.6.18: Irish language versions of the following Campus Life Services website pages will be made available:

- 3.6.18.1: Campus Life Office landing page
- 3.6.18.2: Accommodation landing page
- 3.6.18.3: Career Development Centre landing page
- 3.6.18.4: Chaplaincy landing page
- 3.6.18.5: Counselling landing page
- 3.6.18.6: Health Centre landing page
- 3.6.18.7: Mature Student Support landing page
- 3.6.18.8: Societies Office landing page
- 3.6.18.9: Sports & Recreation landing page
- 3.6.18.10: Student Financial Aid landing page

3.6.19: Any new online DIT Library Services payment systems developed will be developed bilingually, if technically feasible.

## 3.7: AN GHAEILGE AGUS SAOL NA MAC LÉINN:

### Ó thús na scéime:

3.7.1: Leanfar le ranganna Gaeilge saor in aisce a chur ar fáil do mhic léinn ITBÁC chomh maith le scoláireachtaí chun freastal ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht, faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha, arna n-eagrú ag Oifig na Gaeilge.

3.7.2: Leanfar le scoláireachtaí a chur ar fáil do mhic léinn ITBÁC chun cur le húsáid na Gaeilge ar an gcampas i measc mhic léinn ITBÁC, faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha, arna n-eagrú ag Oifig na Gaeilge.

3.7.3: Oibreoidh Oifig na nEastát le hOifig na Gaeilge chun 'Cúl an Tí', Spás Foghlama Neamhfhoirmiúil Gaeilge ainmnithe atá suite ag bealach isteach Shráid an Easpaig, ITBÁC, Sráid Aungier, a chur chun cinn.

3.7.4: Leanfar ar aghaidh ag úsáid na Gaeilge ag bronnadh foirmiúil dámhachtainí ITBÁC ag searmanais bhronnta.

### Faoi dheireadh bhliain 3:

3.7.5: Tá cóiríocht ar an gcampas do mhic léinn á pleanáil i láthair na huaire do champas Ghráinseach Ghormáin, ITBÁC. Cuimseoidh an tsamhail chóiríochta 'pobal foghlama beo' atá beartaithe cóiríocht ainmnithe do chainteoirí Gaeilge agus tá súil go mbeidh an chóiríocht sin ar fáil in 2020.

## 3.8: LASC-CHLÁR ITBÁC:

3.8.1: Ó thús na scéime, leanfaidh an fhoireann Lasc-chláir ag cur fáilte roimh an bpobal le 'Dia dhuit, DIT'.

3.8.2: Cuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil faoi dheireadh bhliain 2 den scéim seo ionas gur féidir leis an bpobal dul i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach a bhfuil sé de dhualgas air/uirthi an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, nuair is ann dóibh.

## 3.7: IRISH LANGUAGE AND STUDENT LIFE:

### From the outset of the scheme:

3.7.1: Free Irish classes for students as well as scholarships to attend Irish language courses in the Gaeltacht will continue to be provided to DIT students by Oifig na Gaeilge, subject to sufficient demand and resources.

3.7.2: Scholarships will continue to be offered to DIT Students to promote the use of Irish on campus amongst DIT students by Oifig na Gaeilge, subject to sufficient demand and resources.

3.7.3: The Estates Office will support Oifig na Gaeilge in the promotion of 'Cúl an Tí', the designated Irish Language Informal Learning Space located at the Bishop St. entrance, DIT Aungier St.

3.7.4: Irish will continue to be used at the formal conferring of DIT awards at graduation ceremonies.

### By the end of year 3:

3.7.5: On-campus accommodation for students is currently being planned for DIT Grangegorman campus. Designated accommodation for Irish language speakers will be included in the 'living learning community' accommodation model proposed and it is hoped that the accommodation will become available in 2020

## 3.8: DIT SWITCHBOARD:

3.8.1: From the outset of the scheme, Switchboard staff will continue to greet the public with 'Dia dhuit, DIT'.

3.8.2: Additional training will be provided by the end of year 2 of this scheme so that switch operators can put members of the public in touch, without delay, with the office or officer responsible for offering the service required through Irish, where available.

## 3.9: FÁILTITHE ITBÁC:

Is iad fáiltithe ITBÁC an chéad phointe teagmhála ag go leor cuairteoirí chuig an Institiúid agus tá siad mar phointe comhtheagmhála ag gach campas ITBÁC don fhoireann agus do mhic léinn. Tá go leor foirgneamh ag ITBÁC atá lonnaithe ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. Is iad na príomhláithreacha ná: Sráid Aungier, Sráid Bolton, Sráid Chathail Brugha, Sráid Chaoimhín, Ardscoil Cheoil agus Drámaíochta ITBÁC in 159 Bóthar Ráth Maonais Íochtarach agus an campas nua, ITBÁC Ghráinseach Ghormáin. Tá os cionn 100 baill foirne ag obair in Oifig na nEastát a dhéanann freastal ar fháiltithe agus foirgnimh ar fud na cathrach.

3.9.1: Leanfar leis an bpróiseas soláthar cuimsitheach seirbhísí do chustaiméirí trí mheán na Gaeilge ag an bhfáiltiú i ngach príomhláthair a fhorbairt i rith shaolré na scéime seo mar atá leagtha amach i gCuid 3.2.

3.9.2: Déanfar oiliúint Ghaeilge shonrach a thairiscint d'fhoireann fáiltithe ITBÁC d'fhonn seirbhís dhátheangach bhunúsach a chur ar fáil i gcampas nua Ghráinseach Ghormáin faoi 2020.

## 3.10: CAMPAS GHRÁINSEACH GHORMÁIN:

### Ó thús na scéime:

3.10.1: Leanfaidh Oifig na nEastát, Oifig na nGnóthaí Poiblí agus Oifig na Pleanála Campais le campas dátheangach a chur i láthair ar bhealach físiúil i rith shaolré na scéime seo trí úsáid a bhaint as Comharthaíocht, Taispeántais agus Fógraí.

### Faoi dheireadh bhliain 3:

3.10.2: Déanfaidh Ionad nua Sheirbhísí na Mac Léinn ITBÁC Ghráinseach Ghormáin, atá beartaithe a bheith ar oscailt in 2020, iarracht seirbhís aghaidh ar aghaidh a sholáthar trí mheán na Gaeilge don phobal, ag brath ar infhaighteacht foirne.

3.10.3: Oibreoidh Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC i dtreo seirbhís ghníomhach agus sofheicthe as Gaeilge a thairiscint ag cuntar na leabharlainne i Leabharlann nua Ghráinseach Ghormáin ITBÁC, ag brath ar infhaighteacht foirne.

3.10.4: Beidh meaisíní agus scáileáin dhátheangacha féinseirbhíse i bhfeidhm i Leabharlann nua Ghráinseach Ghormáin ITBÁC.

3.10.5: Cuirfear ábhar Gaeilge san áireamh i mBailiúchán agus i gCartlann Speisialta Leabharlann nua Ghráinseach Ghormáin ITBÁC.

3.10.6: Déanfar forbairt ar spás Gaeilge ar champas Ghráinseach Ghormáin i gcomhar le Pleanáil Campas Ghráinseach Ghormáin, Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC agus Saol an Champais ITBÁC.

## 3.9: DIT RECEPTIONS:

DIT receptions are a first point of contact for many visitors to the Institute and a focal point of each DIT campus for staff and students. DIT currently has numerous buildings located across Dublin city. The principal locations are: Aungier St., Bolton St., Cathal Brugha St., Kevin St., DIT Conservatory of Music & Drama in 159 Rathmines Road and the new campus in DIT Grangegorman. There are over 100 staff members working in the Estates Office serving all the DIT receptions and buildings across the city.

3.9.1: The process of developing customer service provision through the medium of Irish at receptions in all main locations will continue during the lifetime of this scheme as outlined in Section 3.2.

3.9.2: Specific Irish language training will be offered to DIT reception staff in order to ensure that a basic bilingual service will be available in the new Grangegorman campus by 2020.

## 3.10: DIT GRANGEGORMAN CAMPUS:

### From the outset of the scheme:

3.10.1: The Estates Office, Public Affairs Office and Campus Planning Office will continue to provide a visually bilingual campus in Grangegorman during the lifetime of this scheme through Signage, Displays and Notices.

### By the end of year 3:

3.10.2: The new Student Services Centre for DIT Grangegorman planned to be opened in 2020 will endeavour to provide a face to face service through Irish for the public, depending on staff availability.

3.10.3: DIT Library Services will work towards offering an active and visible Irish language service at the library counter in the new DIT Grangegorman Library, depending on staff availability.

3.10.4: Bilingual self-service machines and screens will be in operation in the new DIT Grangegorman Library.

3.10.5: Irish language content will be included in the Special Collection and Archive in the new DIT Grangegorman Library.

3.10.6: The development of an Irish language space on the Grangegorman campus will be explored in co-operation with Grangegorman Campus Planning, DIT Library Services and DIT Campus Life.

# CAIBIDIL 4: MONATÓIREACHT, MEASÚNÚ AGUS POIBLÍOCHT AR DHARA SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA ITBÁC:

## 4.1: MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ AR DHARA SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA ITBÁC:

Déanfaidh Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC monatóireacht ar fheidhmiú foriomlán Dara Scéim Teanga ITBÁC. Buailfidh Coiste Acht na dTeangacha le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scéime.

Tá Cinn Ranna freagrach as cur i bhfeidhm na ngealltanas ó lá go lá ina gcuid réimsí féin. Cuirfidh Oifig na Gaeilge agus ranna eile ar fud na hInstitiúide tacaíocht ar fáil do gach roinn atá rannpháirteach i Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC.

Tá ball foirne a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scéime laistigh dá réimsí féin, aitheanta ag gach Roinn. Pléifear agus déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn ghealltanais Sheirbhísí na Mac Léinn ag cruinnithe an Choiste Forbartha Foirne Áitiúil do Sheirbhísí na Mac Léinn ar bhonn rialta.

Beidh cruinnithe rialta ar siúl agus tabharfar nuashonruithe d'Oifig na Gaeilge agus do Choiste Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le cur i bhfeidhm ghealltanais Dara Scéim Teanga na hInstitiúide.

## 4.2: DARA SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA ITBÁC A PHOIBLIÚ:

Fógrófar ábhar Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC laistigh den Institiúid, i measc bhaill foirne agus mhic léinn agus don phobal i gcoitinne trí na modhanna seo a leanas:

- ciorclán agus preasráiteas
- fógraíocht faoin méid a chuirfear ar fáil (faoi réir coinníollacha buiséid)
- scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí agus
- láithreán gréasáin na hInstitiúide, www.dit.ie

Cuirfidh ITBÁC gealltanais Dara Scéim Teanga na hInstitiúide chun cinn go gníomhach agus cuirfidh siad an pobal ar an eolas maidir leo. Nuair atá na ranna atá tiomanta do sheirbhís a sheachadadh in ann amhlaidh a dhéanamh, déanfar sin a phoibliú ar www.dit.ie/gaeilge agus tabharfar cothrom le dáta go rialta é.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

# CHAPTER 4: MONITORING, EVALUATION AND PUBLICISING OF DIT'S SECOND OFFICIAL LANGUAGES ACT SCHEME:

## 4.1: MONITORING AND EVALUATION OF DIT'S SECOND OFFICIAL LANGUAGES ACT SCHEME:

DIT's Official Languages Act Committee / Coiste Acht na dTeangacha ITBÁC will monitor the overall implementation of DIT's Second Language Scheme. Coiste Acht na dTeangacha will meet at least twice yearly to monitor the progress of the Scheme.

Heads of Departments are responsible for the day-to-day implementation of commitments within their own areas. Support will be available to each department participating in DIT's Official Languages Act Scheme from Oifig na Gaeilge and from other departments across the Institute.

All Departments have identified members of staff who will be responsible for monitoring the progress of the scheme within their own area. The progress of the Student Services commitments will be discussed and monitored at the Student Services Local Staff Development Committee meetings on a regular basis.

Regular meetings will take place and updates will be given to Oifig na Gaeilge and DIT's Official Languages Act Committee on the implementation of DIT's Second Language Scheme commitments.

## 4.2: PUBLICISING OF DIT'S SECOND OFFICIAL LANGUAGES ACT SCHEME:

The contents of DIT's Second Official Languages Act Scheme will be publicised within the Institute, amongst staff and students and to the general public by means of:

- circular & press release
- advertising of provisions (subject to budgetary conditions)
- circulation to appropriate agencies and public bodies as well as
- the Institute's website, www.dit.ie

DIT will actively make the public aware of the Institute's commitments under DIT's Second Language Scheme. Once departments which have committed to delivering a service are in a position to do so, this will be publicised on www.dit.ie/gaeilge and updated regularly.

A copy of the agreed scheme will be forwarded to the Office of An Coimisinéir Teanga.